



An Bhruiséil, 1 Feabhra 2017
(OR. en)

5478/17

**Comhad Idirinstitiúideach:
2012/0193(COD)**

**DROIPEN 6
JAI 54
GAF 5
FIN 31
CADREFIN 6
FISC 23
CODEC 76**

NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"

ó: Uachtaránacht

chuig: An Chomhairle

Uimh. an doic. 5434/17
roimhe seo:

Ábhar: Togra le haghaidh treoir maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint tríd an dlí coiriúil
- Comhaontú polaitiúil

1. Ar an 12 Iúil 2012, thíolaic an Coimisiún togra¹ le haghaidh treoir maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint tríd an dlí coiriúil.
2. Tá sé mar aidhm leis an dréacht-treoir na bearta is gá a bhunú chun cosaint éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a áirithiú do leasanna airgeadais an Aontais tríd an dlí coiriúil.
3. Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta i ndáil leis an dréacht-treoir ar an 6 Meitheamh 2013² agus ar an gcaoi sin thug sí sainordú caibidlíochta don Uachtaránacht chun dul i mbun cruinnithe tríthaobhacha le Parlaimint na hEorpa.
4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 16 Aibreán 2014 maidir leis an dréacht-treoir³.

¹ 12683/12.

² 10729/13.

³ 9024/14.

5. I ndiaidh seacht gcinn de chruinnithe tríthaobhacha idir 2014 agus 2016, ar an 30 Samhain 2016 tháinig an Uachtaránacht agus ionadaithe Pharlaimint na hEorpa ar chomhaontú maidir leis an téacs comhréitigh foriomlán atá san iarscríbhinn, agus cúnamh á thabhairt dóibh ag an gCoimisiún.
6. I gcruinniú comhpháirteach a reáchtáladh ar an 12 Eanáir 2017, vótáil Coiste um Rialú Buiséadach (CONT) agus Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) de chuid Pharlaimint na hEorpa agus d'fhormheas siad téacs na dréacht-treorach mar a eisíodh tar éis na caibidlíochta idirinstiúidí é. Sheol cathaoirligh na gcoistí sin, Inge Gräßle agus Claude Moraes, litir chuig Uachtarán Choiste na mBuanionadaithe inar luaigh siad go molfaidh siad do chomhaltaí Coistí CONT agus LIBE agus ina dhiaidh sin don suí iomlánach go nglacfaí le seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh gan aon leasuithe ar an dara léamh ag an bParlaimint, faoi réir a fhíoraithe ag dlítheangeolaithe an dá instiúid dá dtarchuirfí an téacs sin chuig Parlaimint na hEorpa go foirmiúil mar sheasamh na Comhairle ar an gcéad léamh maidir leis an togra reachtach seo.
7. Ag an gcruinniú a bhí aige ar an 25 Eanáir 2017, mhol Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle teacht ar chomhaontú polaitiúil maidir le téacs na treorach mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo. Ag an bpointe sin, dhearbhaigh toscaireachtaí na Cipire, na Gearmáine, na hUngáire, na hÉireann, Mhálta agus na Polainne nach raibh siad i bhfabhar an téacs comhréitigh atá ann faoi láthair.
8. Iarrtar ar an gComhairle, mar sin, teacht ar chomhaontú polaitiúil maidir le téacs na treorach mar a leagtar amach é san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais tríd an dlí coiriúil

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 83 (2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa⁴,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Baineann cosaint leasanna airgeadais an Aontais ní amháin le bainistiú leithreasuithe buiséid ach leis na bearta uile a dhéanann dochar dá shócmhainní nó a bhagraíonn dochar a dhéanamh dá shócmhainní agus do shócmhainní na mBallstát a mhéid a mbíonn siad ábhartha do bheartais an Aontais.

⁴ IO C , , lch. .

- (2) Leis an gCoinbhinsiún maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint an 26 Iúil 1995⁵, lena n-áirítear na prótacail a ghabhann leis an 27 Meán Fómhair 1996⁶ an 29 Samhain 1996⁷ agus an 19 Meitheamh 1997⁸ ('an coinbhinsiún'), bunaítear rialacha íosta maidir le cionta agus smachtbhannaí coiriúla a shainmhíniú i réimse na calaoise sin lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais. Rinne na Ballstáit an coinbhinsiún a dhréachtú agus thug siad dá n-aire nach raibh an chalaois lena gcuirtear isteach ar ioncam agus caiteachas an Aontais teoranta do thír amháin i roinnt mhaith cásanna agus gur minic gurb iad líonraí eagraithe coiriúla a dhéanann an chalaois; ar an mbonn sin, aithníodh cheana féin sa choinbhinsiún sin gur ghá, chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, ionchúiseamh coiriúil a dhéanamh ar iompar calaoiseach lena ndéantar díobháil do na leasanna sin. I gcomhthráth, glacadh Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95⁹. Leagtar síos leis an Rialachán sin rialacha ginearálta a bhaineann le seiceálacha aonchineálacha agus le bearta agus pionóis riaracháin maidir le mírialtachtaí i dtaca le dlí an Aontais agus, ag an am céanna, déantar tagairt ann do rialacha earnála sa réimse sin, gníomhartha calaoiseacha mar a shainítear iad sa choinbhinsiún agus cur i bhfeidhm dhlí coiriúil agus imeachtaí coiriúla na mBallstát.
- (3) D'fhonn cur chun feidhme bheartas an Aontais a áirithiú i réimse na cosanta ar leasanna airgeadais an Aontais, a ndearnadh bearta um chomhchuibhiú ina leith amhail Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle, tá sé riachtanach go leanfar de dhlíthe coiriúla na mBallstát a chomhfhogasú tríd an gcosaint a chomhlánú faoin dlí riaracháin agus sibhialta do na cineálacha iompair is tromchúisí a bhaineann leis an gcalaois sa réimse seo, agus neamhréireachtaí á seachaint ag an am céanna, laistigh de na réimsí dlí sin agus ina measc.

⁵ IO C 316, 27.11.1995, lch. 48.

⁶ IO C 313, 23.10.1996, lch. 1.

⁷ IO C 151, 20.5.1997, lch. 1.

⁸ IO C 221, 19.7.1997, lch. 11.

⁹ Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.1995, lch. 1).

- (4) Chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, ní mór teacht ar shainmhíniú coiteann den chalaouis a thagann faoi raon feidhme na treorach seo agus lena gcumhdaítear iompar calaoiseach i dtaca le caiteachas agus ioncam agus sócmhainní a mbíonn buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh (buiséad an 'Aontais') thíos leis, lena n-áirítear oibríochtaí airgeadais amhail gníomhaíochtaí iasachtaíochta agus iasachta. Leis an gcoincheap de chionta tromchúiseacha i gcoinne an chomhchórais CBL mar a bunaíodh le Treoir 2006/112/CE ón gComhairle, tagraítear do na cineálacha is tromchúisí den chalaouis CBL, go háirithe calaois rothlach, calaois trí thrádálaithe atá in easnamh agus calaois CBL arna ndéanamh laistigh d'eagraíocht choiriúil lena gcruthaítear bagairtí tromchúiseacha don chomhchóras CBL agus, ar an gcaoi sin, do bhuiséad an Aontais. Ba cheart a mheas go bhfuil cionta i gcoinne an chomhchórais CBL tromchúiseach nuair atá nasc acu le críoch dhá Bhallstát de chuid an Aontais nó níos mó, nuair a eascraíonn siad as scéim chalaouis ina ndéantar na cionta ar bhealach struchtúrtha agus é mar aidhm leo buntáiste míchuí a bhreith ar an gcomhchóras CBL agus ina sáraítear, leis an damáiste iomlán a dhéantar mar thoradh ar na cionta, an tairseach EUR 10 milliún. Leis an gcoincheap de dhamáiste iomlán, tagraítear don damáiste a mheastar a bheith déanta do leasanna airgeadais na mBallstát lena mbaineann agus don Aontas araon, ag eascairt as an scéim chalaouis ina hiomláine. Ní áirítear rátaí úis[...] nó pionóis leis sin. Tá sé mar aidhm leis an treoir seo cur leis na hiarrachtaí chun na feiniméin choiriúla sin a chomhrac.
- (4a) Agus an buiséad á chur chun feidhme ag an gCoimisiún faoi bhainistiú roinnte nó indíreach, féadfaidh sé cúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a tharmligean chuig na Ballstáit, nó iad a chur faoi chúram gníomhaireachtaí nó comhlachtaí arna mbunú de bhun na gConarthaí nó faoi chúram eintitis nó daoine áirithe eile. In aon cheann de na cásanna sin, ba cheart an leibhéal céanna cosanta a bheith ag leasanna airgeadais an Aontais agus a bheadh acu agus iad faoi bhainistiú dhíreach an Choimisiúin.
- (4b) Chun críocha na treorach seo, is éard atá i gcaiteachas a bhaineann le soláthar aon chaiteachas i dtaca leis na conarthaí poiblí arna gcinneadh le hAirteagal 101(1) de Rialachán Uimh. 966/2012¹⁰ maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

¹⁰ Rialachán (AE, EURATOM) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle, IO L 298, 20.10.2012, lch. 1.

- (5) Tá reachtaíocht an Aontais maidir le sciúradh airgid infheidhme go hiomlán maidir le sciúradh na bhfáltas ó chionta coiriúla dá dtagraítear sa treoir seo. Aon tagairt a dhéantar don reachtaíocht sin, ba cheart dó a áirithiú go mbeidh feidhm ag an gcóras smachtbhannaí a thugtar isteach leis an treoir seo maidir le gach cás tromchúiseach de chionta coiriúla i gcoinne leasanna airgeadais an Aontais.
- (6) Bagairt thar a bheith tromchúiseach do leasanna airgeadais an Aontais is ea an t-éilliú agus i mórán cásanna d'fhéadfadh baint a bheith aige leis an iompar calaoiseach freisin. Ós rud é go bhfuil dualgas ar aon oifigeach poiblí breithiúnas nó discréd a fheidhmiú go neamhchlaon, ba cheart a chumhdach faoi shainmhínte an éillithe breabanna a thabhairt d'fhonn dul i gcion ar bhreithiúnas nó ar dhiscréd an oifigigh phoiblí agus glacadh leis na breabanna sin, beag beann ar dhlí nó ar rialacháin thír nó eagraíocht idirnáisiúnta an oifigigh áirithe sin.
- (7) Féadfar dochar a dhéanamh le leasanna airgeadais an Aontais mar thoradh ar chineálacha áirithe iompair ó oifigeach poiblí, a gcuirtear ar a iontaobh cistí nó sócmhainní a bhainistiú, bíodh sé i gceannas orthu nó i bhfeidhm mhaoirseachta, ar iompar é lena ndírítear ar chistí nó sócmhainní a mhíleithreasú, contrártha don chuspóir atá beartaithe, agus go ndéantar damáiste do leasanna airgeadais an Aontais dá bharr. Is gá, mar sin, sainmhíniú beacht a thabhairt isteach ar chionta lena gcumhdaítear an t-iompar sin.
- (8) Maidir le cionta an éillithe éighníomhaigh agus an mhíleithreasaithe, is gá sainmhíniú ar oifigigh phoiblí a chur san áireamh lena gcumhdófar gach oifigeach ábhartha, bíodh oifig foirmiúil san Aontas, sna Ballstáit nó i dtríú tíortha ina seilbh acu. Tá baint níos mó agus níos mó ag daoine príobháideacha le bainistiú chistí an Aontais. D'fhonn cistí an Aontais a chosaint go leordhóthanach ón éilliú agus ón míleithreasú, is gá mar sin go gcumhdófaí freisin leis an sainmhíniú ar 'oifigeach poiblí' daoine nach bhfuil oifig foirmiúil ina seilbh acu, ach, mar sin féin, a sanntar feidhm seirbhíse poiblí dóibh, agus a bhfuil an fheidhm sin á feidhmiú acu, i dtaca le cistí an Aontais, amhail conraitheoirí atá rannpháirteach i mbainistiú na gcistí sin.
- (9) Maidir leis na cionta coiriúla dá bhforáiltear sa treoir seo, caithfidh feidhm a bheith ag an gcoincheap intinníúil maidir leis na heilimintí uile de na cionta sin. Féadfar cineál intinníúil gnímh nó neamhghnímh a infeiriú ó imthosca fíorasacha oibiachtúla. Na cionta sin arna ndéanamh ag daoine nádúrtha nach n-éilíonn rún, ní chumhdaíonn an treoir seo iad.

- (10) Ní chuirtear iallach ar Bhallstáit leis an treoir smachtbhannaí a chur ar fáil arb ionann iad agus príosúnacht do dhéantóirí cionta coiriúla nach de chineál tromchúiseach iad, i gcásanna ina dtoimhdítear faoin dlí náisiúnta go bhfuil rún ann.
- (11) Go minic bíonn dlúthnasc idir roinnt cionta i gcoinne leasanna airgeadais an Aontais agus na cionta a chumhdaítear le hAirteagal 83(1) den chonradh agus le reachtaíocht sin an Aontais atá bunaithe ar an airteagal sin. Ba cheart comhleanúnachas a áirithiú mar sin idir reachtaíocht den tsórt sin agus an treoir seo i bhfoclaíocht na bhforálacha.
- (12) Sa mhéid agus is féidir le hiompar inchurtha i leith duine nádúrtha damáiste nó bagairt a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais, ba cheart dóibh a bheith faoi dhliteanas i leith na gcionta coiriúla, mar a shainítear sa treoir seo iad, arna ndéanamh thar a gcinn.
- (13) D'fhonn leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar bhealach coibhéiseach trí bhearta ar cheart iad a bheith ina ndíspreagadh ar fud an Aontais, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh sa bhreis air sin do chineálacha agus leibhéal áirithe smachtbhannaí nuair a dhéantar na cionta coiriúla atá sainithe sa treoir seo. Níor cheart do leibhéal na smachtbhannaí dul thar a bhfuil comhréireach do na cionta.
- (14) Os rud go bhforáiltear sa treoir seo do rialacha íosta, tá na Ballstáit saor le rialacha níos déine a ghlacadh nó a choinneáil do chionta coiriúla a dhéanann dochar so leasanna airgeadais an Aontais.
- (15) Ní dhéanann an treoir seo difear do chur i bhfeidhm cuí agus éifeachtach beart araíonachta nó pionós seachas iad siúd ar de chineál coiriúil iad. Smachtbhannaí de chineál eile, nach ionann iad agus pionós choiriúla, agus atá forchurtha cheana féin ar an duine céanna don iompar céanna, is féidir iad a chur san áireamh agus pianbhreith á cur ar an duine sin as cion coiriúil a shainítear faoin treoir seo. Do smachtbhannaí eile, ba cheart lánurraim a thabhairt do phrionsabal *ne bis in idem*. Ní dhéanann an treoir seo iompar a choiriúlú nach bhfuil faoi réir pionós araíonachta nó bearta eile freisin maidir le sárú ar dhualgais oifigiúla, i gcásanna inar féidir na pionós araíonachta nó bearta eile sin a chur i bhfeidhm maidir leis an duine lena mbaineann.

- (16) Ba cheart go ndéanfaí foráil, i gcásanna áirithe, leis na smachtbhannaí do dhaoine nádúrtha do phionós uasta príosúnachta ceithre bliana. Ba cheart go n-áireofaí leo siúd ar a laghad cásanna ina ndearnadh damáiste suntasach nó inar baineadh amach buntáistí, i gcás in measfaí an damáiste nó na buntáistí a bheith suntasach má tá os cionn EUR 100 000 i gceist. Maidir leis na Ballstáit sin nach bhforáiltear lena gcórais dlí sa reachtaíocht do thairseach shainráite do dhamáiste suntasach nó buntáiste mar bhonn do phionós uasta, ba cheart dóibh a áirithiú go ndéanfaidh a gcúirteanna méid an damáiste nó an bhuntáiste a chur san áireamh go cuí agus smachtbhannaí le haghaidh calaoise agus cionta a bhaineann le calaois á gcinneadh. Leis an treoir, ní choisctear na Ballstáit foráil a dhéanamh do ghnéithe eile a léireodh cion de chineál tromchúiseach, mar shampla nuair atá baol an damáiste nó an bhuntáiste ann, ach go bhfuil sé an-suntasach. Mar sin féin, le haghaidh na gcionta i gcoinne an chomhchórais CBL is é EUR 10 milliún an tairseach ar cheart a mheas go bhfuil cion atá os a cionn suntasach, i gcomhréir leis an treoir.

Tá sé riachtanach íosleibhéil de smachtbhannaí príosúnachta uasta a thabhairt isteach d'fhonn a ráthú go dtugtar cosaint choibhéiseach do leasanna airgeadais an Aontais ar fud an Aontais. Beidh na smachtbhannaí ina mbac láidir ar choirpigh ionchasacha, le héifeacht ar fud an Aontais.

- (17) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur nuair a rinneadh an cion laistigh d'eagraíocht choiriúil de réir bhrí Chinneadh Réime 2008/841/CGB¹¹ ón gComhairle, ba cheart é sin a mheas mar imthoisc ghéaraitheach i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme arna mbunú lena gcórais dlí. Ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil an imthoisc ghéaraitheach sin ar fáil do bhreithimh lena meas agus pianbhreith á cur ar ógchiontóirí acu, cé nach bhfuil aon oibleagáid ann do bhreithimh chun na himthosca géaraitheacha sin a chur i bhfeidhm. Níl sé d'oibleagáid ar na Ballstáit foráil a dhéanamh don imthoisc ghéaraitheach más rud é sa dlí náisiúnta go ndéantar na cionta de réir bhrí Chinneadh Réime 2008/841 ón gComhairle a choiriúlú mar chion ar leithligh a d'fhéadfadh leibhéil níos déine smachtbhannaí teacht as.

¹¹ IO L 300, 11.11.2008, lch. 42.

- (18) I bhfianaise go háirithe soghluaisteacht déantóirí na coire agus fáltas a thagann as gníomhaíochtaí neamhdhleathacha ar chostas leasanna airgeadais an Aontais, mar aon leis na himscrúduithe trasteorann casta atá i gceist leis sin, ba cheart do gach Ballstát a dhlínse a bhunú d'fhonn cur ar a chumas na gníomhaíochtaí sin a chomhrac. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-áirítear ar a ndlínse cásanna ina ndéantar coir trí theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide ar a bhfuarthas rochtain óna gcríoch.
- (18a) I bhfianaise na ndlíní iomadúla a d'fhéadfadh bheith ann do chionta trasteorann a thagann faoi raon feidhme na treorach sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-urramaítear prionsabal *ne bis in idem* ina iomláine agus an dlí náisiúnta á chur i bhfeidhm lena ndéantar an treoir seo a thrasú.
- (19) Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir le tréimhsí teorannaithe atá riachtanach d'fhonn cur ar a gcumas gníomhaíochtaí neamhdhleathacha ar chostas leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac. I gcás cionta inphionóis le smachtbhanna uasta ceithre bliana príosúnachta ar a laghad, ba cheart go mbeadh an tréimhse teorannaithe cúig bliana ar a laghad ón uair a rinneadh an cion. Tá an méid sin gan dochar do na Ballstáit sin nach leagann tréimhsí teorannaithe amach d'imscrúdú, d'ionchúiseamh ná d'fhorfheidhmiú.

- (21) Gan dochar do na rialacha maidir le comhar trasteorann agus le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach in imeachtaí coiriúla ná do rialacha eile faoi dhlí an Aontais, go háirithe faoi Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013¹², ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bhaineann le himscrúduithe arna gcur i gcrích ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), tá gá le foráil iomchuí a dhéanamh do chomhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun gníomhaíocht éifeachtach a áirithiú i gcoinne na gcionta coiriúla a shainmhínítear sa treoir seo lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais, lena n-áirítear malartú faisnéise idir na Ballstáit agus an Coimisiún mar aon le cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a thugann an Coimisiún do na húdaráis náisiúnta inniúla toisc go bhféadfadh go mbeadh orthu comhordú ar a gcuid imscrúduithe a éascú.

Níor cheart a bheith i gceist leis an gcúnamh ón gCoimisiún go mbeadh an Coimisiún rannpháirteach i nósanna imeachta imscrúdaithe nó ionchúisimh cásanna coiriúla aonair a chuireann na húdaráis náisiúnta i gcrích. Ba cheart don Chúirt Iniúchóirí agus do na hiniúchóirí atá freagrach as buiséid na n-institiúidí, na gcomhlachtaí agus na ngníomhaireachtaí a iniúchadh aon fhíoras a d'fhéadfaí a cháiliú mar chion coiriúil faoin treoir seo a nochtadh d'OLAF agus d'údaráis inniúla eile, agus ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh comhlachtaí náisiúnta iniúchóireachta, mar a shainmhínítear in Airteagal 59 de Rialachán 966/2012¹³, an rud céanna, i gcomhréir le hAirteagal 8 i Rialachán 883/2013.

- (22) Ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis na bearta arna nglacadh ag na Ballstáit chun cloí leis an treoir. Féadfaidh tograí lena gcuirtear éabhlóidí a d'fhéadfadh tarlú san áireamh bheith ag gabháil leis an tuarascáil, más gá, go háirithe maidir le buiséad an Aontais a mhaoiniú.

¹² Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

¹³ Rialachán (AE, EURATOM) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhlacht an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle. (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1).

- (23) Ba cheart an treoir seo i dtaca le Ballstáit atá faoi cheangal na treorach seo a chur in ionad an Choinbhinsiúin maidir le cosaint leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach an 26 Iúil 1995¹⁴ agus na Prótacail a ghabhann leis an 27 Meán Fómhair 1996¹⁵ agus an 29 Samhain 1996¹⁶ agus an 19 Meitheamh 1997¹⁷.
- (23a) Chun Airteagal 3(4)(d) de Threoir 2015/849 a chur i bhfeidhm, ba cheart an tagairt do chalaouis thromchúiseach. lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1) agus Airteagal 2(1) den Choinbhinsiún maidir le cosaint leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach, a fhorléiriú mar chalaouis lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais mar a shainmhínítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 7(3) nó, maidir le cionta i gcoinne an chomhchórais CBL, in Airteagal 2(2) den treoir seo.
- (24) Áirítear ar chur chun feidhme ceart na treorach seo ag na Ballstáit sonraí pearsanta a phróiseáil i measc na n-údarás náisiúnta inniúil, agus na sonraí sin a mhalartú idir na Ballstáit, ar lámh amháin agus idir comhlachtaí inniúla de chuid an Aontais ar an lámh eile. Ba cheart an phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta ar an leibhéal náisiúnta, idir údaráis náisiúnta inniúla, a rialú leis an acquis. Ba cheart ceanglais Chinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle¹⁸ a chomhlíonadh agus sonraí á malartú idir na Ballstáit. Sa mhéid a phróiseálann institiúidí, comhlachtaí, gníomhaireachtaí agus oifigí an Aontais sonraí pearsanta, ba cheart dóibh Rialachán (CE) Uimh 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁹ agus na rialacha is infheidhme maidir le rúndacht imscrúduithe breithiúnacha a chomhlíonadh.

¹⁴ IO C 316, 27.11.1995, lch. 48.

¹⁵ IO C 313, 23.10.1996, lch. 1.

¹⁶ IO C 151, 20.5.1997, lch. 1.

¹⁷ IO C 221, 19.7.1997, lch. 11.

¹⁸ Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle an 27 Samhain 2008 maidir le sonraí pearsanta a chosaint a phróiseáiltear faoi chuimsiú an chomhair póilíneachta agus bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla (IO L 350, 30.12.2008, lch. 60).

¹⁹ Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí ag comhlachtaí agus ag institiúidí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (OJ L 8, 12.1.2001, lch. 1).

- (25) Maidir leis an éifeacht athchomhairleach a bheartaítear le smachtbhannaí an dlí choiriúil a chur i bhfeidhm, tá gá le réamhchúram ar leith maidir le cearta bunúsacha. Urramaítear na cearta bunúsacha leis an treoir seo agus cloítear léi leis na prionsabail a aithnítear go háirithe leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus go háirithe an ceart chun saoirse agus slándála, sonraí pearsanta a chosaint, an tsaoirse chun slí bheatha a roghnú agus an ceart chun obair a dhéanamh, an tsaoirse chun gnó a sheoladh, an ceart chun maoine, an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa, toimhde na neamhchiontachta agus an cearta cosanta, prionsabail na dlíthiúlachta agus na comhréireachta i dtaca le cionta coiriúla agus smachtbhannaí, mar aon le toirmeasc ar dhuine a thriail ná a phionósú faoi dhó in imeachtaí coiriúla i ngeall ar an gcion coiriúil céanna (*ne bis in idem*). Leis an treoir seo, féachtar lena áirithiú go n-urramófar na cearta agus na prionsabail sin go hiomlán agus ní foláir í a chur chun feidhme dá réir sin.
- (25a) Ba cheart do na Ballstáit na bearta riachtanacha a ghlacadh chun a áirithiú go ndéanfar na suimeanna sin a aisghabháil agus iad a aistriú chuig buiséad an Aontais go pras, gan dochar do rialacha earnáilshonracha ábhartha an Aontais maidir le ceartúcháin airgeadais agus na méideanna a caitheadh go míchuí a aisghabháil.
- (25b) Tá ról tábhachtach ag bearta agus pionóis riaracháin i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais. Ní dhíolmhaítear na Ballstáit leis an treoir seo ón oibleagáid bearta agus pionóis riaracháin an Aontais a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme de réir bhrí Airteagal 4 agus Airteagal 5 de Rialachán (CE, Euratom) Uimh 2988/95.

- (25c) Ba cheart go gcuirfí oibleagáid ar na Ballstáit leis an treoir seo foráil a dhéanamh ina reachtaíocht náisiúnta do phionóis choiriúla maidir leis na gníomhaíochtaí calaoise agus leis na cionta coiriúla a bhaineann le calaois lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais a bhfuil feidhm ag an treoir seo maidir leo. Níor cheart go gcruthófaí oibleagáidí leis an treoir seo i ndáil leis na pionóis sin nó le haon chóras eile forfheidhmithe dlí atá ar fáil a chur i bhfeidhm maidir le cásanna aonair. Féadfaidh na Ballstáit, i bprionsabal, leanúint orthu de bhearta riaracháin agus pionóis a chur i bhfeidhm ag an am céanna sa réimse a chumhdaítear leis an treoir. Agus an dlí náisiúnta, lena ndéantar an treoir seo a thrasuí, á chur i bhfeidhm, ba cheart do na Ballstáit, áfach, a áirithiú nach sáraítear an Chairt um Chearta Bunúsacha trí smachtbhannaí coiriúla a fhorchur i leith cionta i gcomhréir leis an treoir seo agus i leith bearta agus pionóis riaracháin.
- (25d) Níor cheart go ndéanfaí difear leis an treoir seo d'inniúlachtaí na mBallstát a riarachán cánach a struchtúrú agus a eagrú de réir mar is cuí leo chun cinneadh, measúnú agus bailiú ceart cánach breisluacha a áirithiú mar aon le cur i bhfeidhm éifeachtach reachtaíocht CBL.
- (26) Beidh feidhm ag an treoir seo gan dochar do na forálacha maidir leis na díolúintí a bhaint atá sa Chonradh, don Phrótacal ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh, do Reacht na Cúirte Breithiúnais agus na téacsanna lena gcuirtear chun feidhme iad, nó d'fhorálacha comhchosúla atá faoi chuimsiú an dlí náisiúnta. Agus an treoir seo á trasuí sa dlí náisiúnta agus, ina theannta sin, agus an dlí náisiúnta lena ndéantar an treoir seo a thrasuí á chur i bhfeidhm, cuirtear na pribhléidí agus na díolúintí sin, lena n-áirítear urraim ar shaoirse shainordú na gComhaltaí, san áireamh go hiomlán.
- (27) Tá an treoir seo gan dochar do rialacha ginearálta agus do phrionsabail ghinearálta an dlí náisiúnta choiriúil maidir le pianbhreitheanna a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme i gcomhréir leis na himthosca nithiúla i ngach cás aonair.

- (28) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na treorach seo a ghnóthú go leordhóthanach ach gur féidir, de bharr na fairsinge agus na n-éifeachtaí, iad a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (29) I gcomhréir le hAirteagal 3 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótocal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn gur mian léi bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm na treorach seo.
- (30) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótocal Uimh.21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótocal sin, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh na treorach seo agus níl sí faoi cheangal aige ná níl sí faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (31) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótocal (Uimh. 22) maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Teideal I: Ábhar agus sainmhíniú

Airteagal 1

Ábhar

Leis an treoir seo, bunaítear rialacha íosta i ndáil leis an sainmhíniú ar chionta coiriúla agus smachtbhannaí i réimse an chomhraic i gcoinne na calaoise agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais, d'fhonn cuidiú go héifeachtach le cosaint níos láidre i gcoinne na coiriúlachta lena ndéantar difear do na leasanna airgeadais sin, i gcomhréir le acquis an Aontais sa réimse seo.

Airteagal 2

Sainmhíniú ar leasanna airgeadais an Aontais agus raon feidhme na treorach

1. Chun críocha na treorach seo, ciallaíonn 'leasanna airgeadais an Aontais' ioncaim, caiteachais agus sócmhainní go léir a chumhdaítear, a fhaightear tríothu nó atá mar gheall ar na nithe a leanas:
 - (a) buiséad an Aontais;
 - (b) buiséid institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí a bhunaítear de bhun na gConarthaí nó buiséid a bhainistíonn siad agus a ndéanann siad faireachán orthu go díreach nó go hindíreach.
2. Maidir le hioncam a eascraíonn as acmhainní dílse CBL, ní bheidh feidhm ag an treoir seo ach amháin i gcásanna cionta tromchúiseacha i gcoinne an chomhchórais CBL. Chun críocha na treorach seo, measfar go mbeidh cionta i gcoinne an chomhchórais CBL tromchúiseach nuair a bheidh na gníomhartha nó na neamhghníomhartha a dhéantar d'aon ghnó agus a shainítear in Airteagal 3(d) nasctha leis an gcríoch de chuid dhá Bhallstát den Aontas Eorpach nó níos mó agus nuair atá damáiste iomlán ar a laghad EUR 10 milliún i gceist.
3. Ní dhéantar dochar do struchtúr agus d'fheidhmiú riarachán cánach na mBallstát leis an treoir seo.

**Teideal II: Cionta coiriúla i réimse na calaoise lena ndéantar difear do leasanna
airgeadais an Aontais**

Airteagal 3

Calaois lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gur cion coiriúil a bheidh i gcalaois lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais, nuair a dhéantar d'aon ghnó é. Chun críoche na treorach seo, is é a bheidh i *gcalaois lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais* :

- (a) i leith caiteachas nach mbaineann le soláthar, aon ghníomh nó neamhghníomh a bhaineann leis an méid seo a leanas:
- (i) ráitis nó doiciméid atá bréagach, mícheart nó neamhiomlán a úsáid nó a thíolacadh, arb é a n-éifeacht míleithreasú nó coinneáil éagórach cistí nó sócmhainní as buiséad an Aontais nó as buiséid arna mbainistiú ag an Aontas, nó thar a cheann,
 - (ii) neamhnochtadh faisnéise de shárú ar oibleagáid shonrach, ar a bhfuil an éifeacht chéanna, nó
 - (iii) sraonadh cistí den sórt sin chun críoch eile seachas na críoche ar deonaíodh i dtosach báire chucu iad;
- (b) i leith caiteachas a bhaineann le soláthar, aon ghníomh nó neamhghníomh a bhaineann leis an méid seo a leanas:
- (i) ráitis nó doiciméid atá bréagach, mícheart nó neamhiomlán a úsáid nó a thíolacadh, arb é a n-éifeacht míleithreasú nó coinneáil éagórach cistí nó sócmhainní as buiséad an Aontais nó as buiséid arna mbainistiú ag an Aontas, nó thar a cheann,
 - (ii) neamhnochtadh faisnéise de shárú ar oibleagáid shonrach, ar a bhfuil an éifeacht chéanna, nó
 - (iii) sraonadh cistí den sórt sin chun críoch eile seachas na críoche ar deonaíodh i dtosach báire chucu iad, lena ndéantar díobháil do leasanna airgeadais an Aontais;
- ar a laghad nuair a dhéantar é chun gnóthachan neamhdhleathach a dhéanamh do dhéantóir an chiona nó do dhuine eile trí chailliúint do leasanna airgeadais an Aontais a chur faoi deara;

- (c) i leith ioncaim seachas ioncam a eascraíonn as acmhainní dílse CBL dá ndéantar tagairt i bpointe (d), aon ghníomh nó neamhghníomh a bhaineann leis an méid seo a leanas:
- (i) ráitis nó doiciméid atá bréagach, mícheart nó neamhiomlán a úsáid nó a thíolacadh, arb é a n-éifeacht acmhainní bhuiséad an Aontais nó buiséad arna mbainistiú ag an Aontas, nó thar a gceann, a laghdú go neamhdhlíthiúil,
 - (ii) neamhnochtadh faisnéise de shárú ar oibleagáid shonrach, ar a bhfuil an éifeacht chéanna,
 - (iii) sraonadh sochair arna fháil go dlíthiúil, ar a bhfuil an éifeacht chéanna.
- (d) i leith ioncam a eascraíonn as acmhainní dílse CBL, aon ghníomh nó neamhghníomh a dhéantar i scéimeanna calaoiseacha trasteorann i ndáil leis an méid seo a leanas:
- (i) ráitis nó doiciméid, a bhaineann le CBL, atá bréagach, mícheart nó neamhiomlán, a úsáid nó a thíolacadh, arb é a n-éifeacht acmhainní bhuiséad an Aontais a laghdú;
 - (ii) neamhnochtadh faisnéise a bhaineann le CBL de shárú ar oibleagáid shonrach, ar a bhfuil an éifeacht chéanna;
 - (iii) ráitis chearta a bhaineann le CBL a thíolacadh chun neamhíocaíocht a cheilt ar shlí chalaoiseach nó cruthú éagórach ceart chun aisíocaíochtaí CBL.

Airteagal 4

Cionta coiriúla a bhaineann le calaois lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go leanfaidh sciúradh airgid arna shainiú in Airteagal 1 (3) de Threoir 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁰, a bhaineann le maoin a eascraíonn as na cionta a chumhdaítear sa treoir seo, de bheith ina chion coiriúil.
2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an t-éilliú neamhghníomhach agus gníomhach ina gcionta coiriúla, nuair a dhéantar d'aon ghnó iad.
 - (a) Chun críocha na treorach seo, ciallaíonn éilliú neamhghníomhach gníomh oifigigh phoiblí a iarrann nó a fhaigheann, go díreach nó trí idirghabhálaí, buntáistí de chineál ar bith, dó féin nó do thríú páirtí, nó a ghlacann gealltanais buntáiste den sórt sin, chun gníomh a dhéanamh nó staonadh ó ghníomh a dhéanamh i gcomhréir lena fheidhmeanna nó i bhfeidhmiú a fheidhmeanna ar dhóigh a dhéanann díobháil, nó ar dóigh di díobháil a dhéanamh, do leasanna airgeadais an Aontais;
 - (b) Chun críocha na treorach seo, ciallaíonn éilliú gníomhach gníomh cibé duine a gheallann, a thairgeann nó a thugann, go díreach nó trí idirghabhálaí, buntáiste de chineál ar bith d'oifigeach poiblí dó féin nó do thríú páirtí chun gníomh a dhéanamh nó staonadh ó ghníomh a dhéanamh i gcomhréir lena fheidhmeanna nó i bhfeidhmiú a fheidhmeanna ar dhóigh a dhéanann díobháil, nó ar dóigh di díobháil a dhéanamh, do leasanna airgeadais an Aontais;

²⁰ IO L 141, 5.6.2015, lch. 73.

3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh míleithreasú, nuair a dhéantar d'aon ghnó é, ina chion coiriúil.

Chun críocha na treorach seo, ciallaíonn míleithreasú gníomh arna dhéanamh ag aon oifigeach poiblí a gcuirtear ar a iontaoibh go díreach nó go neamhdhíreach cistí nó sócmhainní a bhainistiú, cistí a ghealladh nó a eisíoc nó sócmhainní a leithreasú nó a úsáid, ar dhóigh atá contrártha don chríoch dár beartaíodh iad, agus a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais.

4. Chun críche na treorach seo, ciallaíonn 'oifigeach poiblí':

- (a) aon oifigeach de chuid an 'Aontais' nó aon oifigeach 'náisiúnta', lena n-áirítear aon oifigeach náisiúnta de chuid Ballstát eile agus aon oifigeach náisiúnta de chuid tríú tír;

- (i) ciallóidh an téarma 'Aontas':

aon duine is oifigeach nó fostaí eile ar conradh de réir bhrí Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh nó Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh,

aon duine, a dtugann na Ballstáit nó aon chomhlacht poiblí nó príobháideach ar iasacht é don Aontas Eorpach, a chuireann feidhmeanna i gcrích atá coibhéiseach leo siúd a dhéanann oifigigh an Aontais nó seirbhísigh eile.

Gan dochar do na forálacha maidir le pribhléidí agus díolúintí i bPrótacal 3 agus i bPrótacal 7 atá i gceangal le CAE agus CFAE, déanfar comhaltaí institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí, arna gcur ar bun i gcomhréir leis na conarthaí agus foireann na gcomhlachtaí sin a chomhshamlú ina n-oifigigh de chuid an Aontais, a mhéid nach bhfuil feidhm ag Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ná Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh maidir leo;

(ii) tuigtear an téarma 'oifigeach náisiúnta' mar thagairt don sainmhíniú ar 'oifigeach' nó 'oifigeach poiblí' i ndlí náisiúnta an Bhallstáit nó an tríú tír ina bhfeidhmíonn an duine i dtrácht an fheidhm.

Dá ainneoin sin, i gcás imeachtaí a bhaineann le hoifigeach Ballstáit, nó le hoifigeach náisiúnta tríú tír, arna dtionscnamh ag Ballstát eile, ní cheanglófar ar oifigeach náisiúnta tríú tír an sainmhíniú ar 'oifigeach náisiúnta' a chur i bhfeidhm ach amháin a mhéid atá an sainmhíniú comhoiriúnach lena dhlí náisiúnta.

Folóidh an téarma 'oifigeach náisiúnta' aon duine atá i seilbh oifig feidhmiúcháin, riaracháin nó bhreithiúnach ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. Déanfar aon duine atá i seilbh oifig reachtach ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a chomhshamlú ina oifigeach náisiúnta.

- (b) aon duine eile dá sanntar feidhm seirbhíse poiblí agus a fheidhmíonn an fheidhm sin a bhaineann le bainistiú leasanna airgeadais an Aontais nó cinntí ina leith sna Ballstáit nó i dtríú tíortha.

**Teideal III: Forálacha ginearálta a bhaineann leis na cionta coiriúla i réimse[...] an
chomhraic i gcoinne na calaoise lena ndéantar difear do leasanna
airgeadais an Aontais**

Airteagal 5

Gríosú, cabhrú agus neartú, agus iarracht a dhéanamh

1. Déanfaidh na Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú gurb inphionóis mar chion coiriúil an gníomh chun gríosú, cabhrú nó neartú le haon cheann de na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 4 a dhéanamh.
2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gurb inphionóis mar chion coiriúil iarracht a dhéanamh ar aon cheann de na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 4 (3) a dhéanamh.

Airteagal 6

Dliteanas daoine dlítheanacha

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas mar gheall ar aon cheann de na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3, Airteagal 4 agus Airteagal 5 arna dhéanamh ar mhaithe leo ag aon duine, ag gníomhú dó ina aonar nó mar bhall d'orgán an duine dhlítheanaigh, agus a bhfuil ardseasmh aige laistigh den duine dlítheanach atá bunaithe ar:
 - (a) cumhacht ionadaíoch an duine dhlítheanaigh;
 - (b) údarás chun cinntí a dhéanamh thar ceann an duine dhlítheanaigh; nó
 - (c) údarás chun smacht a fheidhmiú laistigh den duine dlítheanach.

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá, freisin, chun a áirithiú go bhféadfar daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas nuair a bhí duine faoi údarás duine dlítheanach in ann aon cheann de na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3, Airteagal 4 agus Airteagal 5 a dhéanamh ar mhaithe leis an duine dlítheanach sin mar thoradh ar easpa maoirseachta nó rialaithe de chuid duine dá dtagraítear i mír 1.
3. Ní eisiafar imeachtaí coiriúla in aghaidh daoine nádúrtha is déantóirí na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3 agus Airteagal 4 nó atá faoi dhliteanas coiriúil ina leith faoi Airteagal 5 mar gheall ar dhliteanas duine dhlítheanaigh faoi mhír 1 agus faoi mhír 2.
4. Chun críche na teorach seo, ciallaíonn "duine dlíthiúil" aon eintiteas a bhfuil pearsantacht dhlíthiúil aige faoin dlí is infheidhme, seachas Stáit nó comhlachtaí poiblí i bhfeidhmiú údarás an Stáit agus seachas eagraíochtaí idirnáisiúnta poiblí.

Airteagal 7

Smachtbhannaí do dhaoine nádúrtha

1. Maidir le daoine nádúrtha, áiritheoidh na Ballstáit gurb inphionóis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3, Airteagal 4 agus Airteagal 5 le smachtbhannaí coiriúla atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.
2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gurb inphionóis na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3 agus Airteagal 4 le pionós uasta lena ndéantar foráil do phríosúnacht.
3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gurb inphionóis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3 agus Airteagal 4 le pionós uasta príosúnachta ceithre bliana ar a laghad nuair a bhaineann díobhálacha nó buntáistí suntasacha leo. Toimhdeofar go mbaineann díobhálacha nó buntáistí suntasacha leis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3(a), (b) agus (c) agus Airteagal 4 nuair atá níos mó ná EUR 100 000 i gceist. Toimhdeofar i gcónaí go mbaineann díobhálacha nó buntáistí suntasacha leis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3(d) agus faoi réir Airteagal 2(2).

Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le pionós uasta príosúnachta ceithre bliana ar a laghad ar bhonn imthosca tromchúiseacha eile arna sainmhíniú sa dlí náisiúnta.

4. I gcásanna cionta dá dtagraítear in Airteagal 3(a), (b) agus (c) agus Airteagal 4 a bhaineann le díobhálacha is lú ná EUR 10 000 agus buntáistí is lú ná EUR 10 000, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí seachas smachtbhannaí coiriúla.
5. Beidh mír 1 gan dochar d'fheidhmiú cumhachtaí araíonachta ag na húdaráis inniúla in aghaidh oifigigh phoiblí.

Airteagal 8

Imthoisc ghéaraitheach

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go measfar gur imthoisc ghéaraitheach atá i gceist sa chás go ndéantar cion coiriúil dá dtagraítear in Airteagal 3, in Airteagal 4 nó in Airteagal 5 in eagraíocht choiriúil i gciall Chinneadh Réime 2008/841 an 24 Deireadh Fómhair 2008 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe.

Airteagal 9

Na cineálacha smachtbhannaí is íosta le haghaidh daoine dlítheanacha

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh duine dlítheanach, a chuirtear faoi dhliteanas de bhun Airteagal 6, faoi réir smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha, agus áireofar orthu sin fineálacha coiriúla nó neamhchoiriúla agus d'fhéadfadh smachtbhannaí eile a bheith ar áireamh orthu freisin, amhail an méid seo a leanas:

- (a) eisiámh ón teideal chun sochar poiblí nó cúnaimh;
- (b) eisiámh sealadach nó buan ó nósanna imeachta tairisceana poiblí;
- (c) dícháiliú sealadach nó buan chun gníomhaíochtaí tráchtála a chleachtadh;

- (d) cur faoi mhaoirseacht bhreithiúnach;
- (e) foirceannadh breithiúnach;
- (f) bunaíochtaí a úsáideadh chun an cion a dhéanamh a dhúnadh go buan nó go sealadach.

Airteagal 10

Calcadh agus coigistiú

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun calcadh agus coigistiú fáltas agus ionstraimeachtaí ó na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3, in Airteagal 4 agus in Airteagal 4 a chumasú. Na Ballstáit sin atá faoi cheangal ag Treoir 2014/42/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²¹ maidir le hionstraimeachtaí agus fáltas ó choireacht a chalcadh agus a choigistiú san Aontas Eorpach (IO L 127, 29.4.2014, lch. 39) déanfaidh siad na bearta sin i gcomhréir leis an treoir sin.

Airteagal 11

Dlínse

1. Déanfaidh gach Ballstát [...] na bearta is gá chun a dhlínse ar na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3, in Airteagal 4 agus in Airteagal 5 a shuí más rud é:
 - (a) gur ar a chríoch a rinneadh an cion ina iomláine nó go páirteach;
 - (b) gur náisiúnaí dá chuid é an ciontóir.
2. Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a dhlínse ar na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3, in Airteagal 4 agus in Airteagal 5 a shuí i gcás go bhfuil an ciontóir faoi réir na Rialachán Foirne nó na gCoinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile tráth an chiona. Féadfaidh gach Ballstát [...] coinneáil ó na rialacha dlínse a leagtar síos sa mhír seo a chur i bhfeidhm nó féadfaidh siad iad a chur i bhfeidhm i gcásanna nó i gcúinsí sonracha agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin.

²¹ Treoir 2014/42/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hionstraimeachtaí agus fáltas ó choireacht a chalcadh agus a choigistiú san Aontas Eorpach (IO L 127, 29.4.2014, lch. 39).

3. Cuirfidh Ballstát an Coimisiún ar an eolas i gcás go gcinneann sé dlínse sa bhreis a shuí ar na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3, in Airteagal 4 agus in Airteagal 5 a rinneadh lasmuigh dá chríoch i gcás:

- (a) go bhfuil gnáthchónaí ar an gciontóir ina chríoch;
- (b) gur chun tairbhe duine dhlítheanaigh atá bunaithe ina chríoch a dhéantar an cion, nó
- (c) is duine dá oifigigh an ciontóir agus go gníomhaíonn sé nó sí agus é nó í i mbun a dualgais nó a dhualgais oifigiúil.

[...]. Maidir leis an gcás dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú nach mbeidh a ndlínsí faoi réir an choinníll nach féidir an t-ionchúiseamh a thionscnamh ach amháin tar éis don íospartach tuarascáil a thabhairt san áit ina ndearnadh an cion, nó tar éis don Stát ina bhfuil an áit ina ndearnadh an cion cáineadh a dhéanamh.

Airteagal 12

Rúradh le haghaidh cionta lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun foráil a dhéanamh do thréimhse rúraidh lena gcumasófar cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3, in Airteagal 4 agus in Airteagal 5 a imscrúdú, a ionchúiseamh, a thriail agus cinneadh breithiúnach a dhéanamh fúthu ar feadh tréimhse leordhóthanach ama tar na cionta sin a bheith déanta, ionas go bhféadfar dul i ngleic go héifeachtach leis na cionta sin.
2. I gcásanna cionta dá dtagraítear in Airteagal 3, in Airteagal 4 agus in Airteagal 5 atá inphionóis le smachtbhanna uasta de cheithre bliana príosúnachta ar a laghad, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun go bhféadfaidh siad cionta coiriúla a imscrúdú, a ionchúiseamh, a thriail agus cinneadh breithiúnach a dhéanamh fúthu ar feadh tréimhse cúig bliana ar a laghad ón uair a rinneadh an cion.
3. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na Ballstáit tréimhse rúraidh a bhunú atá níos giorra ná cúig bliana, ach nach bhfuil níos lú ná trí bliana, ar choinníoll go n-áiritheoidh siad gur féidir briseadh isteach ar an tréimhse nó í a chur ar fionraí de bharr gníomhartha sonrath.

4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun forfheidhmiú an méid seo a leanas a chumasú:
- (a) pionós de níos mó ná bliain amháin príosúnachta, nó, mar mhalairt air sin,
 - (b) pionós príosúnachta i gcás cion is inphionóis le pionós uasta de cheithre bliana príosúnachta ar a laghad,
- a fhorchuirtear tar éis ciontú deiridh i gcion coiriúil dá dtagraítear in Airteagal 3, in Airteagal 4 agus in Airteagal 5, go ceann cúig bliana ar a laghad ó dháta an chiontaithe deiridh. Féadfar a áireamh sa tréimhse rúraidh sin faduithe a d'eascródh as briseadh nó fionraí.

Airteagal 13

Gnóthú

Beidh an treoir seo gan dochar don méid seo a leanas a ghnóthú

- (i) ar leibhéal an Aontais: suimeanna a íocadh go míchuí i gcomhthéacs dhéanamh na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3(1) a, b agus c, in Airteagal 4 agus in Airteagal 5;
- (ii) ar an leibhéal náisiúnta: aon CBL nár íocadh i gcomhthéacs dhéanamh na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3(1) d, in Airteagal 4 agus in Airteagal 5.

Airteagal 14

Idirghníomhaíocht le gníomhartha dlíthiúla infheidhme eile de chuid an Aontais

Ní dochar don treoir seo é cur i bhfeidhm beart riaracháin, pionós agus fineálacha mar a leagtar síos i ndlí an Aontais, go háirithe iad sin ar de réir bhrí Airteagal 4 agus Airteagal 5 de Rialachán Uimh. 2988/95 iad, nó a leagtar síos sa dlí náisiúnta arna nglacadh i gcomhréir le hoibleagáid shonrach faoi dhlí an Aontais. Áiríteoidh na Ballstáit nach ndéanfar, le himeachtaí coiriúla ar bith, arna dtionscnamh ar bhonn forálacha náisiúnta lena gcuirtear an treoir seo chun feidhme, difear míchuí do chur i bhfeidhm cuí, éifeachtach beart riaracháin, pionós agus fineálacha nach féidir a ionannú le himeachtaí coiriúla, a leagtar síos i ndlí an Aontais nó i bhforálacha náisiúnta cur chun feidhme.

Teideal IV: Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 15

Comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún Eorpach (an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise)

1. Gan dochar do na rialacha maidir le comhar trasteorann agus cúnamh dlíthiúil frithpháirteach in ábhair choiriúla, rachaidh na Ballstáit, Eurojust, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus an Coimisiún i mbun comhar lena chéile, laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach, sa chomhrac i gcoinne na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3, in Airteagal 4 agus in Airteagal 5. Chuige sin, tabharfaidh an Coimisiún, agus i gcás inarb iomchuí, Eurojust, an cúnamh teicniúil agus oibríochtúil do na húdaráis náisiúnta inniúla más gá dóibh é chun comhordú a n-imscrúduithe a éascú.
2. Féadfaidh na húdaráis inniúla sna Ballstáit, laistigh dá n-inniúlachtaí, faisnéis a mhalartú leis an gCoimisiún chun gur fusa a bheidh sé na fíricí a shuí agus chun gníomhaíocht éifeachtach i gcoinne na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3, in Airteagal 4 agus in Airteagal 5 a áirithiú. Déanfaidh an Coimisiún agus na húdaráis náisiúnta inniúla na ceanglais rúndachta agus na rialacha cosanta sonraí a chur san áireamh i ngach cás ar leith. Gan dochar don reachtaíocht náisiúnta i ndáil le rochtain ar fhaisnéis, féadfaidh Ballstát, agus faisnéis á soláthar don Choimisiún aige, coinníollacha sonracha a leagan síos chuige sin, lena gcumhdófar faisnéis a bheith á húsáid, ag an Coimisiún nó ag Ballstát eile a bhféadfaí an fhaisnéis a aistriú chuige.
- 2a. Déanfaidh an Chúirt Iniúcháirí agus na hiniúcháirí ar a bhfuil an fhreagracht as iniúcháireacht a dhéanamh ar bhuiséid na n-institiúidí, na gcomhlachtaí agus na ngníomhaireachtaí arna mbunú de bhun na gConarthaí, nó ar na buiséid a ndéanann na hinstiúidí bainistiú agus iniúchadh orthu, aon fhíoras a dtagann siad air le linn a misin a nochtadh do OLAF agus d'údaráis inniúla eile, ar fíoras é a d'fhéadfaí a cháiliú mar chion coiriúil dá dtagraítear in Airteagal 3, in Airteagal 4 agus in Airteagal 5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh comhlachtaí náisiúnta iniúcháireachta amhlaidh.

Airteagal 16

An treoir seo a chur in ionad an Choinbhinsiúin maidir le Leasanna Airgeadais na gComhphobal Eorpach a Chosaint

Leis seo, le haghaidh na mBallstát sin atá faoina ceangal, cuirtear an treoir seo in ionad an Choinbhinsiúin maidir le Leasanna Airgeadais na gComhphobal Eorpach a Chosaint, an 26 Iúil 1995, agus in ionad na bPrótacal a ghabhann leis, eadhon na Prótacail den 27 Meán Fómhair 1996, den 29 Samhain 1996 agus den 19 Meitheamh 1997 (an "Coinbhinsiún"), le héifeacht amhail ó [dháta an teacht i bhfeidhm faoi Airteagal 17(1) an dara fomhír]. Le haghaidh na mBallstát a bhfuil an treoir seo ina ceangal orthu, déanfar tagairtí don Choinbhinsiún a fhorléiriú mar thagairtí don treoir seo.

Airteagal 17

Trasuí

1. Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoi [dhá lá tar éis an ghlactha] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na mbearta sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na bearta sin i bhfeidhm ón

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh agus an tslí a ndéanfar an ráiteas sin a fhoirmliú.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 18
Tuairisciú agus measúnú

1. Déanfaidh an Coimisiún, faoin [24 mí tar éis an spriocdháta do chur chun feidhme na treorach], tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ina ndéanfar measúnú ar a mhéid a rinne na Ballstáit na bearta is gá d'fhonn an treoir seo a chomhlíonadh.
2. Gan dochar d'oibleagáidí tuairiscithe a leagtar síos i reachtaíocht eile de chuid an Aontais, cuirfidh na Ballstáit an staidreamh a leanas maidir leis na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3, in Airteagal 4 agus in Airteagal 5 chuig an Coimisiún gach bliain má tá siad ar fáil ar leibhéal lárnach sa Bhallstát lena mbaineann:
 - (a) líon na n-imeachtaí coiriúla a tionscnaíodh, líon na n-imeachtaí a díbheadh, an líon a raibh éigiontú i gceist leo, an líon a thig ciontú astu agus líon na n-imeachtaí leanúnacha;
 - (b) na suimeanna a aisghabhadh tar éis imeachtaí coiriúla agus na damáistí a mheastar a bheith i gceist.
3. Déanfaidh an Coimisiún, faoin [60 mhí tar éis an spriocdháta do chur chun feidhme na treorach seo], tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ina ndéanfar measúnú ar thionchar an dlí náisiúnta lena ndéantar trasuí ar an treoir seo maidir le cosc a chur ar chalaois a dhéanamh ar leasanna airgeadais an Aontais. Déanfaidh an Coimisiún na tuarascálacha a thugtar de bhun mhír 1 agus mír 2 den Airteagal seo a chur san áireamh.

Chomh maith leis sin déanfaidh an Coimisiún,, faoi cheann 36 mhí tar éis an spriocdháta do chur chun feidhme na treorach seo agus ar bhonn sonraí arna mbailiú ó na Ballstáit, measúnú, maidir leis an gcuspóir ginearálta cosaint leasanna airgeadais an Aontais a neartú, ar an méid seo a leanas:

- an bhfuil an tairseach a luaitear in Airteagal 2(2) iomchuí,
- an bhfuil na forálacha maidir le rúradh in Airteagal 12 éifeachtach go leor,
- an dtugtar aghaidh go héifeachtach sa treoir seo ar chásanna calaoise i dtaca le soláthar,

agus déanfaidh sé tuarascáil a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

Más gá, beidh togra reachtach i dteannta na dtuarascálacha dá dtagraítear sa mhír seo agus féadfar foráil shonrach a áireamh ann i ndáil le calaois maidir le soláthar.

Airteagal 19

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 20

Seolaithe

Dírítear an treoir seo chuig na Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Parlaimint na hEorpa

An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán